AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 22/2012

Chuig: Údaráis Bainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais

SCÉIM SOSA GAIRME DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IARBHUNSCOILEANNA AITHEANTA

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú duit na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le sosanna gairme a fheidhmiú maidir le chúntóirí riachtanas speisialta a mbíonn a bpoist maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

Tá ar gach fostóir na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le héifeacht láithreach agus ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí na scéime sosa gairme atá i gceangal leis seo.

Tá na rialacháin agus na nósanna le feidhmiú le héifeacht láithreach agus ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le tearmaí an choircláin seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad na gciorclán, meamram, rialachán agus socruithe uile roimhe seo maidir le sosanna gairme do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta. Cinntigh le do thoil go ndéantar cóipeanna den chiorclán seo a chur ar fáil do chomhaltaí ar fad an Bhoird Bhainistíochta / an Choiste Gairmoideachais agus go dtugtar an t-ábhar atá ann ar aird gach cúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe agat lena n-áirítear iadsan atá ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gciorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Múinteoirí /SNA
An Rannóg Téarmaí & Coinníollacha
11 Meitheamh 2012

An Rannóg Párolla
11 Meitheamh 2012

Scéim Sosa Gairme do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

Sainmhínithe

Chun críocha na scéime seo tá na bríonna a shanntar dóibh anseo ag na téarmaí seo a leanas mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

An Roinn - ciallaíonn sin an Roinn Oideachais agus Scileanna**.**

Sos Gairme - ciallaíonn sin Saoire Speisialta gan pá.

Fostóir - ciallaíonn sin Coiste Gairmoideachais (VEC) do scoileanna gairmoideachais/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir an fhreagracht do nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean chun Príomhoide na scoile.

Soláthraithe Seirbhíse Sláinte Ceirde (OHS) - ciallaíonn sin soláthraithe comhairle liachta neamhspleách ar shláinte ceirde.

Córas Éileamh Ar Líne (OLCS) - ciallaíonn sin an córas chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus ionadú a éileamh atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i scoileanna pobail agus cuimsitheacha.

An Scoilbhliain – mar a mhínítear leis an Aire Oideachais agus Scileanna ó am go ham dar tús faoi láthair an 1 Meán Fómhair agus dar críoch 31 Lúnasa.

1 Scóip agus Cuspóirí na Scéime

1.1 Tá scóip na scéime seo teoranta do chúntóirí riachtanas speisialta i bpoist atá maoinithe go hiomlán as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

1.2 Is iad príomhchuspóirí na scéime seo thíos, nach bhfuil uileghabhálach, go n-éascódh fostóirí iarratasóirí sna réimsí seo a leanas i ngach cás inar féidir:

- Forbairt Phearsanta
- Oideachas (lena n-áirítear oiliúint múinteoirí)
- Ionadaíocht Phoiblí
- Cúram Leanaí/Cúram Cleithiúnais
- Féin-fhostaithe

2 Beartas Scoile

2.1 Forbróidh agus coinneoidh gach fostóir, i gcomhairle le baill foirne na gcúntóirí riachtanas speisialta, ráiteas beartais atá sonrach do riachtanais na scoile maidir le faomhadh sosanna gairme.

2.2 Agus an polasaí seo á dhréachtú beidh tús áite ag riachtanais leasa agus oideachais na ndaltaí ar aon bhreithnithe eile. Is de rogha an fhostóra amháin cé acu ar chóir iarratas ar shos gairme a dheonú.

2.3 Beidh aird chuí ag an mbeartas seo, agus cuspóirí na scéime seo á gcur i gcuntas, ar acmhainn na scoile freastal ar a riachtanais dá daltaí agus cuirfidh teorainn réasúnach i bhfeidhm mar sin ar líon na gcúntóirí riachtanas speisialta ar féidir leo a bheith as láthair ar shos gairme ag an aon am amháin agus cuirfidh san áireamh freisin infhaighteacht dhóchúil cúntóra riachtanas speisialta cuícháilithe athsholáthair chun dul i mbun dualgais ar imeacht an iarratasóra.

2.4 I gcás go ndiúltaítear d'iarratas ar shos gairme ní mór don fhostóir an t-iarratasóir a chur ar an eolas i scríbhinn á rá cad iad na forais atá leis an diúltú sin.

3 Seoladh Comhfhreagrais

3.1 Seolfaidh an fostóir/an Roinn gach comhfhreagras riachtanach leis an gcúntóir riachtanas speisialta atá ar shos gairme chuig an seoladh deireanach a chuir an cúntóir riachtanas speisialta ar fáil agus ní chuirfear aon locht ar an bhfostóir/Roinn sa chás nach bhfaigheann an cúntóir riachtanas speisialta an comhfhreagras sin.

4 Tréimhse an tSosa Gairme

4.1 Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta gabháil don scéim seo faoi réir uas-neamhláithreachta foriomláine 10 mbliana i rith tréimhse a g(h)airm bheatha.

4.2 Is tréimhse nach lú ná aon scoilbhliain amháin a bheidh i sos gairme agus féadtar é a leathnú ar bhonn bliantúil ar choinníoll nach sáraíonn tréimhse iomlán an tsosa gairme 5 bliana ag aon am amháin.

4.3 Ní féidir sos gairme a thógáil ina dhiaidh sin go dtí go mbíonn tréimhse a bheidh comhionann le fad an tsosa gairme roimhe sin curtha isteach ag an gcúntóir riachtanas speisialta.

4.4 Cuirfear tús le sos gairme ag tús na scoilbhliana agus ní cheadófar filleadh ar dhualgas sa scoil/Coiste Gairmoideachais a dheonaigh an sos gairme, ach ag tús scoilbhliana ina dhiaidh sin. I gcás imthosca eisceachtúla féadfaidh fostóir cúntóir riachtanas speisialta a údarú chun tús a chur le sos gairme i rith cúrsa scoilbhliana agus deireadh a chur leis nach túisce ná deireadh na scoilbhliana sin. Áirítear gur sos gairme bliana é seo.

4.5 Ní féidir fad sosa gairme a leathnú thar:

a) foirceannadh an chonartha nó
b) aois scoir.

5 Incháilitheacht

5.1 Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta iarratas a dhéanamh ar shos gairme sa chás go mbíonn 12 mí de sheirbhís leanúnach leis an bhfostóir reatha curtha isteach go sásúil acu ag deireadh na scoilbhliana ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.

6 Feidhmiú na Scéime

6.1 Ní mór do chúntóir riachtanas speisialta a bhfuil sos gairme á lorg aige/aici iarratas i scríbhinn a dhéanamh chuig an bhfostóir tráth nach déanaí ná 1 Márta den scoilbhliain roimh an gceann sin ina bhfuil sé i gceist aige/aici tús a chur/leanúint leis an sos gairme. Ní mór don iarratas mionsonraí soiléire a chur ar fáil faoi chuspóir cruinn an tsosa gairme. Féadfaidh an fostóir iarratas deireanach a bhreithniú in imthosca eisceachtúla.

6.2 Ní mór do chúntóir riachtanas speisialta ar mian leis/léi fad a chur lena s(h)os gairme cur isteach ar an síneadh seo ar bhonn bliantúil tráth nach déanaí ná 1 Márta.

6.3 Déanfaidh an fostóir gach iarratas ar shos gairme a bhreithniú de réir a thuillteanais laistigh de chomhthéacs ráiteas beartais na scoile. Is é cinneadh an fhostóra an cinneadh críochnaitheach.

6.4 Eiseoidh an fostóir fógra faofa nó diúltaithe i scríbhinn don chúntóir riachtanas speisialta faoi 1 Aibreán ar a dheireanaí agus cuirfidh fógra faoi neamhláithreacht an tsosa gairme faoi bhráid na Roinne (tríd an OLCS)/Coiste Gairmoideachais ar nó roimh 1 Bealtaine. I gcás na gcúntóirí riachtanas speisialta a íoctar ar phárolla na Roinne ní mór don fhostóir a n-ainmneacha sin atá ag baint leasa as sos gairme a léiriú ar Fhoirm Ceapacháin Poist na Foirne Neamh-Mhúinteoireachta.

6.5 Ag cur san áireamh méid na socruithe atá le bunú ag an bhfostóir chun freastal ar an sos gairme, ní cheadófar don iarratasóir a (h)iarratas a tharraingt siar tar éis 14 Aibreán. In imthosca eisceachtúla féadfaidh an fostóir, dá rogha féin amháin, aistarraingt iarratas ar shos gairme níos deireanaí a bhreithniú.

7 Ag obair fad is atáthar ar Shos Gairme

7.1 Bheadh tógáil fostaíochta íoctha rialta de chineál ar bith in áit eile sa Stát le linn a bheith ar shos gairme contrártha do chuspóirí na scéime as a dtiocfaidh diúltú d'iarratas nó aistarraingt faofa atá tugtha cheana.

7.2 Tá cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme coiscthe ó phost in aon cháil a ghlacadh i scoil ar bith sa stáit.

7.3 Ceadaítear do chúntóirí riachtanas speisialta atá i mbun oiliúna múinteoirí taithí oibre a dhéanamh i scoil.

8 Ceapachán Chúntóir Riachtanas Speisialta Athsholáthair

8.1 I gcás go bhfuil cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair le fostú ní mór an post a líonadh de réir rialacha reatha earcaíochta.

8.2 I gcás go mbíonn cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair le fostú tairgfear conradh dó/di a chaithfidh a shonrú mar fhoras oibiachtúil gur féidir deireadh a chur leis an gconradh sa chás go n-éiríonn an cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme as, go dtéann sé/sí ar scor, go bhfilleann ar an obair nó gur duine atá á d(h)éanamh iomarcach i rith tréimhse an tsosa gairme.

8.3 I gcás go bhfostaítear cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair, ceanglófar air/uirthi a bheith ar fáil don 72 uair a chloig bhreise ar chuid de chonradh cúntóra riachtanas speisialta iad (pro-rata do chúntóirí riachtanas speisialta páirtaimseartha) atá le húsáid agus le seachadadh lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte scoile agus/nó den ghnáth-scoilbhliain.

8.4 I gcás go bhfostaítear cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair ní bhainfidh sé/sí aon sinsearacht amach sa scoil.

9 Socruithe do Chúiteamh as Caillteanas Uaireanta le linn a bheith ar Shos Gairme

9.1 I gcás go laghdaítear post cúntóra riachtanas speisialta ar shos gairme le linn tréimhse an tsosa gairme, ní bheidh an cúntóir riachtanas speisialta incháilithe cúiteamh a éileamh as an gcaillteanas uaireanta go dtí go mbeidh deireadh lena s(h)os gairme. Ag an bpointe sin, mura mbíonn na huaireanta ar fáil i gcónaí don scoil féadfaidh an cúntóir riachtanas speisialta iarratas a dhéanamh ar chúiteamh as caillteanas uaireanta faoi théarmaí ciorclán reatha na Roinne ar shocruithe iomarcaíochta do chúntóirí riachtanas speisialta laistigh de 52 seachtain dá f(h)illeadh ó shos gairme. Ní chuirfear tréimhse an tsosa gairme san áireamh agus aon chúiteamh as caillteanas uaireanta á ríomh.

9.2 I gcás go laghdaítear post cúntóra riachtanas speisialta ar shos gairme i rith tréimhse an tsosa gairme, laghdófar uaireanta an chúntóra riachtanas speisialta athsholáthair agus ní bheidh sé/sí i dteideal íocaíochta cúitimh i leith caillteanas na n-uaireanta.

10 Socruithe don Iomarcaíocht le linn a bheith ar Shos Gairme

10.1 I gcás go sáraíonn post cúntóra riachtanas speisialta leithdháileadh faofa acmhainní cúntóirí riachtanas speisialta sa scoil i rith tréimhse an tsosa gairme, féadfaidh an cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme cur isteach ar íocaíocht iomarcaíochta faoi théarmaí ciorcláin reatha na Roinne ar shocruithe

iomarcaíochta do chúntóirí riachtanas speisialta laistigh de 52 seachtain ó chailliúint an phoist ó leithdháileadh na scoile. Tá an fhreagracht ar an bhfostóir a chinntiú go gcuirtear an cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme ar an eolas faoi chaillteanas a p(h)oist ó leithdháileadh na scoile. Ní chuirfear tréimhse an tsosa gairme san áireamh i ríomh aon íocaíochta iomarcaíochta.

10.2 I gcás go sáraíonn post cúntóra riachtanas speisialta leithdháileadh faofa acmhainní cúntóirí riachtanas speisialta sa scoil i rith tréimhse an tsosa gairme, ní bheidh an cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair i dteideal íocaíochta iomarcaíochta.

11 Athchromadh ar Dhualgas tar éis Sosa Gairme

11.1 Ní mór do chúntóir riachtanas speisialta fógra a thabhairt don fhostóir faoi 1 Márta faoin a rún filleadh ar an obair ó shos gairme ag tús na chéad scoilbhliana eile.

11.2 Déanfaidh an tSeirbhís Sláinte Ceirde (OHS) scagthástáil ar chúntóir riachtanas speisialta agus é/í ag filleadh ó shos gairme atá níos faide ná dhá scoilbhliain. Is réamhriachtanas é do thuarastal a chur ar fáil arís go measfar go bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta in inmhe dualgais de réir míochaine ag an SCC sula gceadaítear dó/di a p(h)ost a ghlacadh an athuair.

11.3 Ní mór do chúntóir riachtanas speisialta agus é/í ag filleadh ó shos gairme na rialacháin ghrinnfhiosrúcháin atá i bhfeidhm ag an am sin a chomhlíonadh.

11.4 Bainfidh na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le cúntóirí riachtanas speisialta go ginearálta ag an am a fhilleann siad ar an obair, leo siúd atá ag dul ar ais i mbun dualgais tar éis sosa gairme.

12 Éirí as fad is atáthar ar Shos Gairme

12.1 Ní mór do chúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme ar mian leis/léi éirí as a p(h)ost fógra a thabhairt don fhostóir i scríbhinn de réir téarmaí fostaíochta an chúntóra riachtanas speisialta. Má éiríonn cúntóir riachtanas speisialta as an bhfostaíocht i rith tréimhse na scoilbhliana, measfar gur scoilbhliain iomlán a bheidh sa bhliain sin chun críocha Alt 4 den chiorclán seo dá rachadh an cúntóir riachtanas speisialta ar ais isteach sa tseirbhís ar dháta níos déanaí.

12.2 I gcás go mainneoidh cúntóir riachtanas speisialta dul ar ais i mbun dualgais ag deireadh tréimhse faofa shosa gairme, cuirfidh an fostóir scéala láithreach chuig an Roinn/Coiste Gairmoideachais sa chaoi nach n-eiseofar tuarastal incriminteach. Déanfaidh an fostóir gníomh tráthúil freisin chun an staid a dhearbhú agus féadfar tús a chur leis na nósanna imeachta araíonachta aontaithe más cuí**.**

13 Sinsearacht le linn a bheith ar Shos Gairme

13.1 Ní áirítear am a chaitear ar shos gairme mar sheirbhís chun críocha sinsearachta. Caithfear le seirbhís roimh agus tar éis sos gairme mar sheirbhís

leanúnach chun críocha sinsearachta ach ní áireofar tréimhse iarbhír an tsosa gairme mar sheirbhís inríofa.

13.2 Ba chóir do chúntóirí riachtanas speisialta a bheith feasach agus iarratas á dhéanamh ar shos gairme go bhféadfadh go n-athródh a seasamh sinsearachta sa scoil dá bharr agus go bhféadfadh go mbeadh iarmhairtí aige seo ar fhostaíocht sa todhchaí agus ar iomarcaíocht.

13.3 Ní mór do scoileanna a liosta sinsearachta do chúntóirí riachtanas speisialta ina scoil a thabhairt cothrom le dáta chun caillteanas sinsearachta do chúntóirí riachtanas speisialta a bhaineann leas as sos gairme, a léiriú.

14 Breisíochtaí agus Pinsean

14.1 Níl tréimhse sosa gairme inríofa chun críocha breisíochta ná pinsin.

14.2 Féadtar ranníocaíochtaí pinsin ar chostas iomlán achtúireach a íoc, le linn an tsosa gairme nó tar éis filleadh ar sheirbhís. Tá tuilleadh eolais ar cheannach seirbhíse barúlaí do shos gairme ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Eolas Pinsin don Fhoireann Neamh-mhúinteoireachta. Féadtar aon cheisteanna a sheoladh ar ríomhphost chuig pensions@education.gov.ie nó a sheoladh chuig Aonad Pinsin na Roinne/an Coiste Gairmoideachais.

15 Teidlíochtaí Leasa Shóisialaigh

15.1 Is fostaí de chuid an fhostóra i gcónaí é an cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme ar feadh tréimhse na neamhláithreachta agus ní hionann an neamhláithreacht agus briseadh seirbhíse chun críocha ÁSPC.

15.2 Ba chóir mar sin do chúntóirí riachtanas speisialta atá ag iarraidh a dteidlíochtaí Leasa Shóisialaigh a choinneáil i rith sosa gairme, dul i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí le comhairle a fháil roimh sos gairme a ghlacadh.

16 Asbhaintí Deonacha ag an bhFoinse

16.1 Tagann deireadh le hasbhaintí deonacha as tuarastal nuair a théann cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme. Nuair atá cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme fanfaidh mionsonraí na n-asbhaintí deonacha ar a t(h)aifead párolla agus mar sin cuirfear tús an athuair le haon asbhaintí atá ann roimh shos gairme an chúntóra riachtanas speisialta ar a f(h)illeadh ar an bpárolla mura bhfuil dáta deiridh curtha leis ar iarratas an chúntóra riachtanas speisialta atá i gceist via an ghníomhaireacht asbhainte. Ní dhéanfaidh an Roinn seo aon asbhaint maidir le haon suimeanna carntha gan íoc do thréimhse an tsosa gairme.

16.2 Ní mór aon iarmhéideanna gan íoc atá dlite ó chúntóir riachtanas speisialta atá páirteach sa Scéim Rothaíochta Chun na hOibre nó Pas Taistil a ghlanadh roimh thús a chur le sos gairme.

17 Teidlíochtaí ar Shaoire Phoiblí -An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

17.1 Coinníonn cúntóir riachtanas speisialta ar shos gairme teidlíocht d'íocaíocht thuarastail do Shaoirí Poiblí ina leith siúd amháin a tharlaíonn sna 13 seachtain tosaigh den neamhláithreacht. Os rud é go gcaithfear tús a chur le sos gairme ar 1 Meán Fómhair, tá íocaíocht thuarastail dlite i leith Saoire Phoiblí Dheireadh Fómhair sa chéad bhliain amháin.

17.2 I gcás neamhghnách sosa gairme díreach i ndiaidh neamhláithreachta eile, measfar gur neamhláithreacht leanúnach amháin an neamhláithreacht agus ní fhabhróidh aon teidlíocht bhreise di siúd a gnóthaíodh de bharr na neamhláithreachta tosaí don chúntóir riachtanas speisialta sna chéad 13 seachtain den sos gairme.

17.3 I gcás go bhfuil teidlíocht saoire in ionad ag tús scoilbhliana beidh an tsaoire sin ídithe roimh thús an tsosa gairme ach ríomhfar an tsaoire in ionad mar aon leis an sos gairme mar bhliain amháin chun críocha na scéime sosa gairme.

18 Comhlíonadh

18.1 Ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Déileálfar le mainneachtain cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta faoi na nósanna imeachta araíonachta aontaithe agus d'fhéadfadh go leanfadh sé go scorfaí tuarastal.

18.2 Ní mór don fhostóir na doiciméid go léir a bhaineann le sosanna gairme a choinneáil leis na taifid phearsanra iomchuí. D'fhéadfadh go roghnódh oifigigh roinne ainmnithe na taifid seo le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe. Ba cheart go dtiocfadh gach taifead leis an ionchur sonraí ar an OLCS.

19 Tuilleadh Eolais

19.1 De réir an ailt thosaigh is é an fostóir a chuirfidh na rialacháin sa chiorclán seo i bhfeidhm. Mar sin ba chóir gach ceist a chur faoi bhráid bhainistíocht na scoile ar dtús a fhéadfaidh go mbeadh fonn orthu dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch a fhéadfaidh arís go mbeadh fonn orthu siúd dul i gcomhairle leis an Roinn ag an seoladh ríomhphoist a leanas: teachersna@education.gov.ie.